2024/2140

7.8.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2140 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2024

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do chomhlachtaí rialaithe áirithe i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún ([2]) ionas go mbeadh inti an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 mar údaráis agus comhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 45(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2018/848 leagtar síos na critéir nach mór do na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe a chomhlíonadh chun go n-aithneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 46(1) den Rialachán sin. Leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([3]) na ceanglais nós imeachta atá le comhlíonadh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin agus a n-iarraidh ar aitheantas á cur faoi bhráid an Choimisiúin, ar iarraidh í ina bhfuil sainchomhad teicniúil.

(3) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378, tá iarrataí ar aitheantas faighte ag an gCoimisiún, iarrataí a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Rialachán (AE) 2018/848, ó roinnt comhlachtaí rialaithe.

(4) Fuair an Coimisiún na hiarrataí ar aitheantas ó 'A CERT European Organization for Certification S.A.', 'ACT Organic Company Limited', 'Agricert Certificação de Produtos Alimentares Lda', 'Balkan Biocert Macedonia DOOEL Skopje', 'Beijing Continental Hengtong Certification Co., Ltd', 'CERTIFICADORA BIOTROPICO S.A.S.', 'COMPANY OF ORGANIC AGRICULTURE IN PALESTINE', 'Ecovivendi d.o.o. Belgrade', 'ETKO EKOLOJİK TARIM KONTROL ORGANİZASYONU LİMİTED ŞİRKETİ', 'IBD Certificações Ltda', 'LACON QUALITY CERTIFICATION PRIVATE LIMITED', 'Metrocert S.C.', 'Oregon Tilth, Inc', 'Organizacion Internacional Agropecuaria S.A.', agus 'Organska Kontrola d.o.o. Sarajevo' agus scrúdaigh sé iad i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698. Ar bhonn na faisnéise atá i sainchomhaid theicniúla na gcomhlachtaí rialaithe sin, chinn an Coimisiún go bhfuil údar le haitheantas a thabhairt dóibh, ar feadh tréimhse éiginnte, le haghaidh catagóirí táirgí áirithe i dtríú tíortha áirithe.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisíodh d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1378/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1748 ón gCoimisiún ([4]), leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 agus rinneadh foráil maidir le haitheantas a thabhairt, i measc nithe eile, do na comhlachtaí rialaithe 'CCPB Srl' agus 'ECOGLOBE LLC' le haghaidh tríú tíortha áirithe agus catagóirí táirgí áirithe. Mar sin féin, go hearráideach, níor áiríodh an Airméin le haghaidh chatagóir táirgí G san aitheantas a tugadh do 'CCPB Srl' agus, go hearráideach, níor áiríodh an Airméin le haghaidh chatagóir táirgí G agus an Úisbéiceastáin le haghaidh chatagóir táirgí B san aitheantas a tugadh do 'ECOGLOBE LLC'. Dá bhrí sin, ba cheart na hearráidí sin a cheartú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378.

Airteagal 2

Is i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a cheartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Lúnasa 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1748 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do chomhlachtaí rialaithe áirithe i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L, 2024/1748, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1748/oj)

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear an tríú mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach roimh an gcéad iontráil:

'Ainm an údaráis rialúcháin nó an chomhlachta rialúcháin:

A CERT European Organization for Certification S.A.

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AE-BIO-171	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	x	x	x	x	x	—	x
AL-BIO-171	an Albáin	x	x	x	x	x	—	x
AM-BIO-171	an Airméin	x	x	x	x	x	—	x
AZ-BIO-171	an Asarbaiseáin	x	x	x	x	x	—	x
BF-BIO-171	Buircíne Fasó	x	x	x	x	x	—	x
BT-BIO-171	an Bhútáin	x	x	x	x	x	—	x
BY-BIO-171	an Bhealarúis	x	x	x	x	x	—	x
CL-BIO-171	an tSile	x°	x°	x	x°	x	—	x°
CN-BIO-171	an tSín	x	x	x	x	x	—	x
DO-BIO-171	an Phoblacht Dhoiminiceach	x	x	x	x	x	—	x
EC-BIO-171	Eacuadór	x	x	x	x	x	—	x
EG-BIO-171	an Éigipt	x	x	x	x	x	—	x
ET-BIO-171	an Aetóip	x	x	x	x	x	—	x
GD-BIO-171	Greanáda	x	x	x	x	x	—	x
GE-BIO-171	an tSeoirsia	x	x	x	x	x	—	x
GH-BIO-171	Gána	x	x	x	x	x	—	x
ID-BIO-171	an Indinéis	x	x	x	x	x	—	x
IN-BIO-171	an India	—	x	x	x	x	—	x
IR-BIO-171	an Iaráin	x	x	x	x	x	—	x
JM-BIO-171	Iamáice	x	x	x	x	x	—	x
KE-BIO-171	an Chéinia	x	x	x	x	x	—	x
KG-BIO-171	an Chirgeastáin	x	x	x	x	x	—	x
KW-BIO-171	Cuáit	x	x	x	x	x	—	x
KZ-BIO-171	an Chasacstáin	x	x	x	x	x	—	x
LB-BIO-171	an Liobáin	x	x	x	x	x	—	x
MA-BIO-171	Maracó	x	x	x	x	x	—	x
MD-BIO-171	an Mholdóiv	x	x	x	x	x	—	x
MK-BIO-171	an Mhacadóin Thuaidh	x	x	x	x	x	—	x
OM-BIO-171	Óman	x	x	x	x	x	—	x
PE-BIO-171	Peiriú	x	x	x	x	x	—	x

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
PG-BIO-171	Nua-Ghuine Phapua	x	x	x	x	x	—	x
PH-BIO-171	na hOileáin Fhilipíneacha	x	x	x	x	x	—	x
PK-BIO-171	an Phacastáin	x	x	x	x	x	—	x
RS-BIO-171	an tSeirbia	x	x	x	x	x	—	x
RU-BIO-171	an Rúis	x	x	x	x	x	—	x
RW-BIO-171	Ruanda	x	x	x	x	x	—	x
SA-BIO-171	an Araib Shádach	x	x	x	x	x	—	x
SD-BIO-171	an tSúdáin	x	x	x	x	x	—	x
SN-BIO-171	an tSeineagáil	x	x	x	x	x	—	x
TG-BIO-171	Tóga	x	x	x	x	x	—	x
TH-BIO-171	an Téalainn	x	x	x	x	x	—	x
TR-BIO-171	an Tuirc	x	x	x	x	x	—	x
TW-BIO-171	an Téaváin	x	x	x	x	x	—	x
TZ-BIO-171	an Tansáin	x	x	x	x	x	—	x
UA-BIO-171	an Úcráin	x	x	x	x	x	—	x
UG-BIO-171	Uganda	x	x	x	x	x	—	x
UZ-BIO-171	an Úisbéiceastáin	x	x	x	x	x	—	x
VN-BIO-171	Vítneam	x	x	x	x	x	—	x
XK-BIO-171	An Chosaiv (*)	x	x	x	x	x	—	x
ZA-BIO-171	an Afraic Theas	x	x	x	x	x	—	x
ZW-BIO-171	an tSiombáib	x	x	x	x	x	—	x

(*) Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil '°' marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún**.

** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 465, 29.12.2021, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2325/oj).

ACT Organic Company Limited

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
BT-BIO-121	an Bhútáin	x	—	—	x	—	—	—

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
ID-BIO-121	an Indinéis	x	—	—	x	—	—	—
KH-BIO-121	an Chambóid	x	—	—	x	—	—	—
LA-BIO-121	Laos	x	—	—	x	—	—	—
LK-BIO-121	Srí Lanca	x	—	—	x	—	—	—
MY-BIO-121	an Mhalaeisia	x	—	—	x	—	—	—
NP-BIO-121	Neipeal	x	—	—	x	—	—	—
PH-BIO-121	na hOileáin Fhilipíneacha	x	—	—	x	—	—	—
SG-BIO-121	Singeapór	x	—	—	x	—	—	—
TH-BIO-121	an Téalainn	x	—	—	x	—	—	—
VN-BIO-121	Vítneam	x	—	—	x	—	—	—

Agricert – Certificação de Produtos Alimentares Lda

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AO-BIO-172	Angóla	x	x	—	x	—	—	x
AZ-BIO-172	an Asarbaiseáin	x	x	—	x	—	—	x
BO-BIO-172	an Bholaiv	x	—	—	x	—	—	—
BR-BIO-172	an Bhrasaíl	x	x	—	x	—	—	—
CL-BIO-172	an tSile	x°	—	—	x°	—	—	—
CM-BIO-172	Camarún	x	x	—	x	—	—	—
CN-BIO-172	an tSín	x	x	—	x	—	—	—
CO-BIO-172	an Cholóim	x	—	—	x	—	—	—
CV-BIO-172	Cabo Verde	x	x	—	x	—	—	—
DO-BIO-172	an Phoblacht Dhoiminiceach	x	—	—	x	—	—	—
DZ-BIO-172	an Ailgéir	x	—	—	x	—	—	—
EC-BIO-172	Eacuadór	x	—	—	x	—	—	—
EG-BIO-172	an Éigipt	x	x	—	x	—	—	—
GA-BIO-172	an Ghabúin	x	—	—	x	—	—	—
GE-BIO-172	an tSeoirsia	x	—	—	x	—	—	—
GH-BIO-172	Gána	x	—	—	x	—	—	—
GT-BIO-172	Guatamala	x	—	—	x	—	—	—
GW-BIO-172	Guine Bissau	x	—	—	x	—	—	—
GY-BIO-172	an Ghuáin	x	—	—	x	—	—	—
KH-BIO-172	an Chambóid	x	x	—	x	—	—	—
MA-BIO-172	Maracó	x	—	—	x	—	—	—
MG-BIO-172	Madagascar	x	—	—	x	—	—	—

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
MX-BIO-172	Meicsiceo	x	—	—	x	—	—	—
MZ-BIO-172	Mósaimbíc	x	—	—	x	—	—	—
NI-BIO-172	Nicearagua	x	—	—	x	—	—	—
PA-BIO-172	Panama	x	—	—	x	—	—	—
PE-BIO-172	Peiriú	x	—	—	x	—	—	—
PY-BIO-172	Paragua	x	—	—	x	—	—	—
SN-BIO-172	an tSeineagáil	x	—	—	x	—	—	—
SR-BIO-172	Suranam	x	—	—	x	—	—	—
ST-BIO-172	São Tomé agus Príncipe	x	—	—	x	—	—	—
TG-BIO-172	Tóga	x	—	—	x	—	—	—
TL-BIO-172	Tíomór Thoir	x	—	—	x	—	—	—
TR-BIO-172	an Tuirc	x	—	—	x	—	—	x
UY-BIO-172	Uragua	x	—	—	x	—	—	—
VE-BIO-172	Veiniséala	x	—	—	x	—	—	—
VN-BIO-172	Vítneam	x	—	—	x	—	—	—

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil ‘°’ marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún.

Balkan Biocert Macedonia DOOEL Skopje

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
MK-BIO-157	an Mhacadóin Thuaidh	x	x	—	x	—	—	—

Beijing Continental Hengtong Certification Co., Ltd

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
CN-BIO-182	an tSín	x	—	—	x	—	—	—
RU-BIO-182	an Rúis	x	—	—	x	—	—	—’;

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála maidir le CERES Certification of Environmental Standards GmbH:

'**CERTIFICADORA BIOTROPICO S.A.S.**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
CO-BIO-186	an Cholóim	x	—	—	x	—	—	—'

(3) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála maidir le CERTIMEX, Certificadora Mexicana de Productos y Procesos Ecologicos S.C.:

'**COMPANY OF ORGANIC AGRICULTURE IN PALESTINE** (***)

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
PS-BIO-163	An Chríoch Phalaistíneach faoi Fhorghabháil	x	—	—	x	—	—	—

(***) Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an tsaincheist sin.'

(4) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le ECOGLOBE LLC:

'Ecovivendi d.o.o. Belgrade

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
RS-BIO-183	an tSeirbia	x	—	—	x	—	x	—

ETKO EKOLOJİK TARIM KONTROL ORGANİZASYONU LİMİTED ŞİRKETİ

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
TR-BIO-109	an Tuirc	x	—	—	x	—	—	x

(5) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le FOOD SAFETY S.A.:

'**IBD Certificações Ltda**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
BO-BIO-122	an Bholaiv	x	—	—	x	—	—	—
BR-BIO-122	an Bhrasaíl	x	x	—	x	x	—	x
CN-BIO-122	an tSín	x	x	—	x	x	—	—
CO-BIO-122	an Cholóim	x	—	—	x	—	—	—
EC-BIO-122	Eacuadór	x	—	—	x	—	—	—
MX-BIO-122	Meicsiceo	—	x	—	x	—	—	—
MN-BIO-122	an Mhongóil	x	—	—	—	x	—	—
PY-BIO-122	Paragua	x	—	—	x	—	—	—
PE-BIO-122	Peiriú	x	—	—	x	—	—	—
RU-BIO-122	an Rúis	x	—	—	x	x	—	—

(6) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála maidir le Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH:

'**LACON QUALITY CERTIFICATION PRIVATE LIMITED**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
IN-BIO-201	an India	—	—	—	x	x	—	—

(7) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le Mayacert S.A.:

'**Metrocert S.C.**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
MX-BIO-202	Meicsiceo	x	—	—	x	—	—	—

Oregon Tilth, Inc

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
MX-BIO-116	Meicsiceo	x	—	—	x	x	—	—

(8) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le Organic Standard LLC:

'**Organizacion Internacional Agropecuaria S.A.**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AR-BIO-110	an Airgintín	—	—	—	—	—	x	x°
BO-BIO-110	an Bholaiv	x	—	—	x	—	—	x
BR-BIO-110	an Bhrasaíl	x	—	—	x	—	—	x
CL-BIO-110	an tSile	x°	—	—	x°	—	—	x°
CO-BIO-110	an Cholóim	x	—	—	x	—	—	x
EC-BIO-110	Eacuadór	x	—	—	x	—	x	x
MX-BIO-110	Meicsiceo	x	—	—	x	—	—	x
PA-BIO-110	Panama	x	—	—	x	—	—	x
PE-BIO-110	Peiriú	x	—	—	x	—	x	x
PY-BIO-110	Paragua	x	—	—	x	—	—	x
RU-BIO-110	an Rúis	x	—	—	x	—	—	—
TR-BIO-110	an Tuirc	x	—	—	x	—	—	x
UA-BIO-110	an Úcráin	x	—	—	x	—	—	—
UY-BIO-110	Uragua	x	—	—	x	—	—	x

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil '°' marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún

Organska Kontrola d.o.o. Sarajevo

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
BA-BIO-101	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	x	x	—	x	—	—	x
ME-BIO-101	Montainéagró	x	x	—	x	—	—	x
RS-BIO-101	an tSeirbia	x	x	—	x	—	—	x
XK-BIO-101	An Chosaiv*	x	x	—	x	—	—	x

IARSCRÍBHINN II

Ceartaítear an tríú mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 mar a leanas:

(1) i bpointe 1 den iontráil maidir le 'CCPB Srl', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh na hAirméine:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
'AM-BIO-102	an Airméin	x	—	—	x	—	—	x'

(2) ceartaítear pointe 1 den iontráil maidir le 'ECOGLOBE LLC' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh na hAirméine:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
'AM-BIO-112	an Airméin	x	x	—	x	—	x	x'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh na hÚisbéiceastáine:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
'UZ-BIO-112	an Úisbéiceastáin	x	x	—	x	—	x	x'